Cúirt an Ṁeán Oíċe

Da ġnáṫ mé ag ṡiúl le ciuṁais na habann
Ar báinṡeaċ úr is an druċṫ go trom,
In aice na gcoillte, i gcoim an tslé',
Gan ṁaing, gan ṁoill, ar ḟoilse an lae.
Do ġeallaḋ mo ċroí nuair ċíonn loċ Gréine,
An talaṁ, an tír, is íor na sréine;
Taitneamḋaċ doiḃinn suíoṁ na sléiḃte
Ag bagairt a gcinn ṫar ḋroim a ċéile.
Do ġealsaḋ an croí ḃeaḋ críon le cianta,
Caite gan ḃní, nó líonta de ṗianta,
An séiṫleaċ seanḃ gan sealḃ gan saiḃreas
D'ḟéaċsaḋ tamall ṫar ḃarra na gcoillte
Ar laċair 'na scuainte ar ċuan gan ċeo
'S an ealla ar a ḃfuaid 's í ag gluaiseaċt leo;
Na héisc le meiḋir ag éiní in ainde,
Péinse im naḋarc go taiḃseaċ tarrḃreac,
Dat an loċa agus gorm na dtonn
Ag teaċt go tolgaċ tonannaċ trom.
Ḃíoḋ éanlaiṫ i gcrainn go meiḋreaċ móṁar
Is léimneaċ eilte i gcoillte im ċóngar,
Géimneaċ aḋaince is naḋarc ar ḟlóite,
Tréanniṫ gaḋar is Reynard nómpu.